# CEARTÚCHÁN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 95 Eagrán Speisialta Gaeilge an 7 Aibreán 2017)*

Tríd an téacs den Rialachán seo:

*in ionad:* "(AE) 2017/…",

*léitear:* "(AE) 2017/625".

*In ionad:* "IO L …, lch. …",

*léitear:* "IO L 95, 7.4.2017, lch. 1".

Ar leathanach 95, Airteagal135:

*in ionad:* "1. Beidh feidhm ag Treoir 95/46/CE agus ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a mhéid atá sonraí pearsanta mar a shainítear iad i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE agus i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 mar chuid den fhaisnéis a phróiseáiltear trí CBFRO.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).",

*léitear:* "1. Beidh feidhm ag Treoir 95/46/CE agus ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) a mhéid atá sonraí pearsanta mar a shainítear iad i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE agus i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 mar chuid den fhaisnéis a phróiseáiltear trí CBFRO.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).".

Ar leathanach 113, sínitheoir:

*in ionad:* *"Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

…",

*léitear:* *"Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

I. BORG",

*in ionad:* *"Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

…",

*léitear:* *"Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

A. TAJANI".

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L171 Eagrán Speisialta Gaeilge an 29 Meitheamh 2016)*

Ar leathanach 44, Airteagal 36(1) (d):

*in ionad:* "(d) na tagarmharcanna atá formhuinithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 33, agus céannachtaí riarthóirí na dtagarmharcanna sin, agus céannachtaí na riarthóirí formhuiniúcháin nó na n-eintiteas faoi mhaoirseacht formhuiniúcháin.",

*léitear:* "(d) na tagarmharcanna atá formhuinithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 33, céannachtaí riarthóirí na dtagarmharcanna sin, agus céannachtaí na riarthóirí formhuiniúcháin nó na n-eintiteas faoi mhaoirseacht formhuiniúcháin.".

Ar leathanach 46, Airteagal 42(2), na focail réamhráiteacha:

*in ionad* "2. I gcás sárú dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, an chumhacht do na húdaráis inniúla chun na smachtbhannaí riaracháin seo a leanas ar a laghad agus bearta riaracháin eile a fhorchur:",

*léitear:* "2. I gcás sárú dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, an chumhacht do na húdaráis inniúla chun na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin eile seo a leanas ar a laghad a fhorchur:".